AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Céadaoin 27 Eanáir 2021

1:30in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Pádraig Mac Grianna, P. Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Leithscéal: Liam Ó Diomsaigh agus Lorraine Finn.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Cruinniú gan an feidhmeannas

Bhí cruinniú gairid ag an bhord gan an feidhmeannas i láthair.

2. Fáiltiú

Tháinig an feidhmeannas i láthair an chruinnithe. Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom. Cuireadh fáilte ar leith roimh P. Ó Muirí chuig a chéad chruinniú boird.

Thug an Cathaoirleach ardmholadh don Phríomhfheidhmeannach as ceannaireacht den chéad scoth a thabhairt don eagraíocht le linn na tréimhse dúshlánaí. Thug an Cathaoirleach ardmholadh d'fhoireann na heagraíochta as a ngairmiúlacht, ardchaighdeán na hoibre agus as an chineáltas agus iad ag plé le baill an bhoird, le múinteoirí, le scoileanna agus leis an phobal i gcoitinne. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis na comhaltaí boird freisin as an dílseacht ar fad.

3. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

4. Miontuairiscí 24 Samhain 2020

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 24 Samhain 2020 (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

5. Ag eascairt as na miontuairiscí

Mhínigh an Príomhfheidhmeannach gur phléigh sí ceist Mar a Déarfá i dtaca le maoiniú a fháil ó na Boird Oideachais agus Oiliúna do na canúintí eile ach cuireadh in iúl go dtagann an t-airgead sin ó

SOLAS, seachas ó na Boird Oideachais agus Oiliúna, agus nach mbeadh sé oiriúnach scríobh chucu dá réir sin.

6. Tuairisc ó Chathaoirleach an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tháinig Kevin de Barra i láthair an chruinnithe agus thug sé tuairisc don bhord. Mhínigh sé go raibh an Coiste ag feidhmiú laistigh de théarmaí tagartha le súil a choinneáil ar chúrsaí iniúchta. Ghabh sé buíochas leis an Phríomhfheidhmeannach agus le A. Nic Craith as an obair ar fad. Thagair sé don chlár riosca agus mhínigh sé gurb é cúrsaí fostaíochta an riosca is mó air toisc go raibh socruithe eisceachtúla i bhfeidhm san eagraíocht. Chuir sé in iúl go raibh comhlacht faighte sa deireadh le hiniúchadh inmheánach a dhéanamh agus gur bronnadh conradh trí bliana ar DHKN ina leith. Thagair sé don tuairisc a chuir DHKN ar fáil ar gheilliúlacht don Chód Cleachtais agus chuir sé in iúl go raibh geilliúlacht cruthaithe ar 158 mír as an 164 mír sa Chód Cleachtais, sin 96%.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le K. De Barra as an obair agus as an dílseacht ar fad agus thug sé ardmholadh do A. Nic Craith as an obair airgeadais ar fad a rinne sí. Ghabh D. Nic Craith agus B. Ní Ghréacháin buíochas le K. De Barra agus thug siad ardmholadh dó as an Choiste a stiúradh. D'fhág K. De Barra an cruinniú ag an phointe seo.

7. Tuairisc an Chathaoirligh ar an chruinniú leis an Aire

Thug an Cathaoirleach tuairisc ar an chruinniú a bhí aige féin agus ag an Phríomhfheidhmeannach leis an Aire an mhaidin sin. Mhínigh sé gur pléadh an tionscadal soláthair agus an staid reatha, agus gabhadh buíochas le M. Nic an Rí as an obair ar fad. Pléadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus an taighde sna scoileanna faoi láthair. Míníodh go raibh an-phlé ann i dtaca leis na haonaid Ghaeilge agus chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh gá le mapa bóthair. Chuir B. Ní Ghréacháin in iúl gur sheol sí litir chuig an Roinn anuraidh agus go raibh imní uirthi faoin mhíniú a thug siad ar cad is aonad ann. Aontaíodh go raibh gá le sainmhíniú cruinn ar cad is aonad ann. Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh sé ag cur litir bhuíochais chuig an Aire maidir leis an chruinniú agus go gcuirfeadh sé ceist an aonaid san áireamh sa litir.

Pléadh Dréachtchreat Churaclam na Bunscoile agus míníodh go raibh aighneacht seolta ar aghaidh ag COGG. Thréaslaigh D. Nic Craith le M. Nic an Rí as an aighneacht a ullmhú. Chuir E. Ní Neachtain in iúil gur tugadh síneadh ama don tréimhse chomhairliúcháin.

Pléadh an Polasaí don Oideachas Gaeltachta agus mhínigh an Cathaoirleach go rabhthas ag súil go gcuirfí bliain bhreise le tréimhse an Pholasaí. Pléadh ceist na ndíolúintí agus an líon ard daltaí ag fáil díolúine ón Ghaeilge ach ag roghnú teangacha eile dá réir.

8. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an fhoireann an-ghnóthach ag cur áiseanna ar líne agus ag roinnt eolais ar nós Padlets srl ar Twitter agus Instagram. Mhínigh sí go mbíonn plé leanúnach leis an fhoireann maidir le riachtanais troscáin agus aon tacaíochtaí eile atá ag teastáil. Cuireadh in iúl go raibh Plean Oibre iarrtha ag an Roinn do 2021 agus go bhfuil an Tuarascáil Bhliantúil le cur ar fáil faoi mhí an Mheithimh.

Míníodh go raibh an obair ar an tionscadal soláthair ag leanúint ar aghaidh. Tuairiscíodh go raibh an oiread sin ábhar ar an tairseach anois agus go mbeadh sé ag imeacht chuig suíomh dá cuid féin go luath. Iarradh go bhfanfadh COGG lárnach ann agus go gcoinneofaí nasc fíorúil leis an suíomh nua. Tuairiscíodh go raibh obair na dtéascleabhar ag bogadh ar aghaidh agus go raibh na páipéir scrúdaithe ar fáil ó Edco agus Examcraft.

Tugadh uasdátú ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta agus míníodh go raibh pobail chleachtais á mbunú. Míníodh go raibh F. Ó Tormaigh ag cur seisiún 20 bomaite ar fáil, ar bhonn duine le duine, do mhúinteoirí na scoileanna Gaeltachta maidir le háiseanna teagaisc srl. Tuairiscíodh go raibh an-tóir ar ábhar Léighleat.com agus go bhfuair an suíomh sin milliún amas idir Meán Fómhair 2020 agus mí Eanáir i mbliana.

Cuireadh in iúl go raibh Mata Meabhrach ar fáil mar ríomhleabhar anois agus go raibh na freagraí á lorg ag a lán múinteoirí. Míníodh go raibh Mata go Deo ar fáil ar líne ag An Gúm freisin.

9. Tuairisc Airgeadais agus Caiteachais

Tuairiscíodh go raibh €160k fágtha ó bhuiséad 2020. Míníodh go mbeadh an 1ú sciar de bhuiséad 2021 á lorg go luath.

10. Buiséad measta 2021

Pléadh an buiséad measta do 2021. Gabhadh buíochas le A Nic Craith as na tuairiscí airgeadais a dhréachtú.

11. Tosaíochtaí Scéim Mhaoinithe Áiseanna Teagaisc agus Foghlama 2021
Pléadh tosaíochtaí na scéime agus i measc na moltaí a tháinig chun cinn bhí:

- leabhair dhigiteacha don bhunscoil
- digitiú ar ábhar atá ar fáil cheana féin (scéalta/leabhair/rannta) do na naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra
- gníomhaíochtaí/deis ag páistí idirghníomhú le cluichí
- cúrsaí digiteacha i nGaeilge ar nós MS Teams
- acmhainn do mhúineadh trí Ghaeilge
- ábhar físe níos idirghníomhaí

12. An Clár Riosca
Pléadh an riosca i dtaca le heolas institiúideach atá ag an bhord agus an baol go n-imeodh an t-eolas sin ag deireadh na dtréimhsí boird i mí na Nollag. Aontaíodh gur gá aitheantas a thabairt don riosca sin agus gur chóir comhaltaí a athcheapadh le leanúnachas a chinntiú.

13. Aon Ghnó Eile

Iarradh ar an bhord an fhoirm um nochtadh leasa a chur ar ais chuig A. Nic Craith nó ríomhphost a chur le léiriú nach bhfuil aon choimhlint leasa acu. Aontaíodh go scaipfí molltaí maidir le dátaí na gcruinnithe eile ar ríomhphost go luath.

Síniú: _____ Dáta: 23 Márta 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 23 Márta 2021

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna, Peadar Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom. Ritheadh rún comhbhróin faoi bhás Phádraig Uí hAoláin, a bhí mar chomhalta ar bhord COGG ó 2002 go 2006.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí 27 Eanáir 2021

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí ón 27 Eanáir 2021 (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag eascairt as na miontuairiscí.

5. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an fhoireann ag leanúint leo ag obair ón bhaile, seachas ball foirne amháin a bhíonn san oifig gach lá. Míníodh go raibh comhfhreagras faighte ón Ard-Rúnaí i dtaca le baill foirne a scaoileadh le dul ag obair le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun tacaíocht riaracháin a chur ar fáil de bharr cúrsaí paindéime agus cuireadh in iúl go ndéanfadh an Príomhfheidhmeannach athbhreithniú ar an fhoireann dá réir.

Tuairiscíodh go raibh iarratas FOI faighte maidir le conarthaí de luach €20,000 nó níos mó a bhronn COGG le trí bliain anuas agus go raibh an freagra curtha ar aghaidh chuig an iarratasóir faoin spriocdháta cuí. Tuairiscíodh go raibh an-chuid oibre déanta ag P. Ó Beaglaoich ar na téascleabhair nua agus míníodh go mbeadh téacsleabhar OSSP, 2 théacsleabhar OSPS, 2 théacsleabhar Fraincise, Téacs agus Trialacha 2 (GL) agus téacsleabhar Oideachas Reiligiúnach ar fáil don tSraith Shóisearach go luath mar aon le téacsleabhar Corpoideachais don Ardteist. Míníodh go mbeadh páipéir shamplacha ar fáil don Eacnamaíocht Bhaile, Ceol, Stair agus don Tíreolaíocht freisin.

Tuairscíodh go raibh an obair ar an tionscadal soláthair ag leanúint ar aghaidh. Tuairiscíodh go raibh Mol Malta ag leanúint ar aghaidh agus go raibh 20 scoil ag teastáil ó CCEA chun píolótú a dhéanamh ar an obair. Chuir L. Ó Diomsaigh in iúl go raibh aiseolas ar na gnéithe teicniúla riachtanach agus go mbeadh na chéad táirgí ar fáil an mhí seo chugainn do mhúinteoirí ar shuíomh sealadach agus go mbeidh aiseolas níos foirmeálta le tabhairt sa scoilbhliain nua.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an litir faighte ón Roinn i dtaca le buiséad COGG do 2021. Chuir sé in iúl go raibh sé féin agus B. Ní Ghréacháin ag cruinniú maidir leis an seasamh ó thaobh oideachais lán-Ghaeilge agus an dlí de. Mhol sé gurbh fhiú iarraidh ar an Choimisinéir Teanga cur i láthair a dhéanamh don Bhord i leith ceisteanna mar sin agus aontaíodh gurbh fhiú go mór sin a dhéanamh. Gabhadh comhghairdeas leis an fheachtas maidir le Coláiste Lú agus aontaíodh go gcaithfí súil a choinneáil air le cinntiú go mbeidh na hacmhainní daonna cuí ag an mháthairscoil.

Thagair an Cathaoirleach do na Padlets a chuireann M. Nic an Rí ar fáil do na bunscoileanna. Chuir sé in iúl go raibh scoileanna an-tógtha leo ar fad agus thug sé moladh do M. Nic an Rí as iad a chur le chéile.

Luaigh an Cathaoirleach an tuarascáil don soláthar múinteoirí agus mhínigh sé go raibh anailís níos mine le déanamh ar an soláthar lán-Ghaeilge áfach. Aontaíodh go scaipfí an tuairisc Bhéarla ar an Bhord mar eolas.

Tháinig F. Ó Tormaigh, Micheál S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin i láthair an chruinnithe.

7. Tuairisc ar an Suíomh/Tairseach

Chuir F. Ó Tormaigh in iúl go mbeidh suíomh dá cuid féin ag an Tairseach go luath toisc go raibh an oiread sin acmhainní agus ábhar ar fáil. Thug sé cur i láthair maidir le Google Analytics agus na figiúirí ar fad ó thaobh cuairteanna ar shuíomh COGG de agus bhí plé ag an Bhord ina leith.

8. Tuairisc ar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta

Thug Micheál S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin uasdátú i dtaca leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Míníodh go gcuirtear ceardlanna ar líne ar fáil do mhúinteoirí agus go bhfuiltear ag roinnt dea-chleachtais do mhúineadh teanga agus do chleachtadh teanga. Míníodh gur reáchtáladh seisiúin leis na Príomhoidí roimh an Nollaig maidir le forbairt teanga i measc na scoláirí agus go raibh tuilleadh seisiún le réachtáil. Cuireadh in iúl go raibh imlitir dréachtaithe ag an Roinn ag cur síneadh dhá bhliain leis an scéim aitheantais go 2025.

Gabhadh buíochas le F. Ó Tormaigh, Micheál S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin as teacht i láthair an chruinnithe agus tugadh moladh don obair ar fad atá ar siúl acu. **D'fhág F. Ó Tormaigh, Micheál S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin an cruinniú ag an phointe seo.**

9. Tuairisc Airgeadais agus Caiteachais

Tuairiscíodh go raibh airgead fós le híoc le scéimeanna maoinithe ó anuraidh.

10. Buiséad

Tuairiscíodh go raibh buiséad de €2,753,000 ag COGG do 2021. Míníodh go raibh briseadh síos níos mine ar chaiteachas don bhliain sonraithe ar an Chomhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta agus cuireadh sin ar an scáileán mar eolas don Bhord. Ghlac an Bord leis an bhriseadh síos ar an bhuiséad agus ní raibh aon cheisteanna ag éirí as.

11. Comhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta – 2021 (PDA)

Pléadh na leasuithe a bhí déanta ar an dréacht agus ghlac an Bord leis an leagan leasaithe den Chomhaontú maidir le Maoirseacht agus Seachadadh Feidhmíochta.

12. Tuairisc ón CNCM

Thug E. Ní Neachtain uasdátú maidir leis an staid reatha. Míníodh go raibh próiseas comhairliúcháin do Ghaeilge na hArdteistiméireachta T1 agus T2 tosaithe agus go raibh go leor spéise ann. Míníodh go raibh suirbhé ar líne ann, gur féidir aighneacht a chur isteach agus go mbeadh grúpaí fócais do mhúinteoirí á reáchtáil le tacaíocht ó COGG ar an 20 Aibreán do scoileanna Gaeltachta agus ar an 27 Aibreán do scoileanna T2. Cuireadh in iúl go mbeadh grúpaí fócais le geallsealbhóirí ó Bhealtaine ar aghaidh agus go mbeadh agallaimh aonair le daoine a chomhlánaigh an suirbhé ar líne agus a chuir tic sa bhosca áirithe sin.

I dtaca le cúrsaí bunscoile, míníodh go raibh anailís á dhéanamh ar chéim 1 den Dréachtchuraclam Bunscoile agus go gcuirfí tús leis an 2ú chéim den chomhairliúchán i mí Mheán an Fhómhair nó mar sin. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le E. Ní Neachtain as an uasdátú.

Chuir B. Ní Gréacháin in iúl go raibh grúpa oibre tagtha le chéile faoi Chonradh na Gaeilge le plé a dhéanamh ar chúrsaí oideachais agus gur pléadh ceist Ghaeilge na hArdteiste ag an ghrúpa sin le déanaí. Dhearbhaigh E. Ní Neachtain go raibh litir faighte ag an CNCM ón ghrúpa sin. D'aontaigh an Bord go raibh gá le soiléiriú maidir le stádas roghnach nó éigeantach, go raibh ceist ann faoi chúiteamh/phointí breise agus go raibh gá le hathbhreithniú a dhéanamh ar obair na Sraithe Sóisearaí.

Mhínigh an Cathaoirleach gur ardaíodh na ceisteanna córasacha sin cheana féin ach go n-ardódh sé arís iad leis an Roinn.

13. Polasaithe le faomhadh

Pléadh an Beartas Sábháilteachta agus ghlac an Bord leis (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag L. Finn). Pléadh an Polasaí do Chórais Inmheánacha um Smachtú Airgeadais agus ghlac an Bord leis (molta ag P. Mac Grianna agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin). Pléadh an Polasaí maidir le Cosaint Sonraí agus ghlac an Bord leis (molta ag E. Ní Neachtain agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin).

14. Scéim Mhaoinithe Áiseanna Teagaisc agus Foghlama 2021

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh 20 iarratas faighte ón Scéim Sparánachtaí Taighde agus 92 iarratas faighte ón Scéim Áiseanna Teagaisc. Aontaíodh go mbeadh na moltaí ón Scéim Sparánachtaí Taighde faoi bhráid an Bhoird i mí na Bealtaine agus go mbeadh na moltaí ón Scéim Áiseanna Teagaisc faoi bhráid an Bhoird i mí an Mheithimh.

15. An Clár Riosca

Pléadh an clár riosca agus míníodh go raibh an riosca maidir le daoine ón fheidhmeannas ag éirí as le cur san áireamh.

16. Aon Ghnó Eile

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh NEPS chun an PPAD-E (Post-Primary Assessment & Diagnosis – English) a chur ar fáil i nGaeilge, le tacaíocht ón ERC agus gur lorg siad cabhair ó COGG ina leith. Míníodh go raibh beirt ar fáil ó Ollscoil Mhá Nuad le tabhairt faoin obair agus aontaíodh gur forbairt thábhachtach a bheadh i gceist. Ghlac an Bord leis an mholadh go rachadh COGG i bpáirt le NEPS chun an triail mheasúnaithe seo a bhogadh chun cinn (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus E. Ní Neachtain) agus ceadaíodh maoiniú suas le €21,500 don fhorbairt.

Thug an Cathaoirleach ardmholadh don Phríomhfheidhmeannach as ceannaireacht den chéad scoth a thabhairt le linn na tréimhse dúshlánaí seo agus chuir sé in iúl go raibh na scoileanna ar fad thar a bheith buíoch as an tacaíocht ar fad atá á cur ar fáil ag an eagraíocht.

Síniú: _____ Dáta: 11 Bealtaine 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 11 Bealtaine 2021

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Lorraine Finn, Peadar Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Dairíona Nic Con Iomaire, L. Ó Diomsaigh agus Pádraig Mac Grianna.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí 23 Márta 2021

Ghlac an Bord leis na miontuairiscí an 23ú Márta 2021 (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ardaíodh ceist faoin tuairisc ar an soláthar múinteoirí agus míníodh nár scaipeadh ar an Bhord go fóill ach go scaipfí i ndiaidh an chruinnithe í. D'ardaigh P. Ó Muirí ceist faoi theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Béarla agus eispéireas foghlama na ndaltaí agus conas na dea-chleachtais a roinnt i measc múinteoirí. Aontaíodh go gcuirfí mír ar an chlár don chéad chruinniú eile agus go dtabharfaí cuireadh do M. Nic an Rí agus M. S. Mac Donnacha teacht chuig an chruinniú chun an cheist a phlé.

5. Cur i láthair ón Choimisinéir Teanga

Tháinig Rónán Ó Domhnaill agus Órla de Búrca i láthair an chruinnithe. Thug Rónán Ó Domhnaill cur i láthair ar na dualgais reachtúla a bhaineann le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus leis an Acht Oideachais 1998 agus bhí ceisteanna ina dhiaidh. Gabhadh buíochas le R. Ó Domhnaill agus le Ó. De Búrca as an chur i láthair a thabhairt agus eolas a roinnt leis an Bhord.

D'fhág Rónán Ó Domhnaill agus Órla de Búrca an cruinniú ag an phointe seo.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur fhreastail sé féin agus D. Nic Craith ar chruinniú leis an Roinn Oideachais maidir le todhchaí agus struchtúr na heagraíochta agus go raibh deis acu pointí a dhéanamh. Thug sé buíochas do D. Nic Craith as freastal ar an chruinniú leis. Mhínigh sé go mbeadh cruinniú rialachais aige féin agus ag an Phríomhfheidhmeannach go luath leis an Roinn.

7. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an obair foirne ag leanúint ar aghaidh. Míníodh go raibh na leabharliostaí bunscoile agus iar-bhunscoile ar shuíomh Idirlín COGG agus scaipthe ar na scoileanna. Tuairiscíodh go raibh ábhar nua bunscoile, Fí na Folláine (Weaving Wellbeing), san áireamh ar an leabharliosta bunscoile. Míníodh go raibh an obair ag leanúint ar aghaidh ar an Tairseach agus go raibh 350 áis iar-bhunscoile agus 180 áis bhunscoile curtha suas. Míníodh go raibh M. Nic an Rí ag obair le NEPS maidir le Webinar ar an chur chuige cothromaíochta don litearthacht.

Cuireadh in iúl go raibh an obair tosaithe ar na trialacha measúnaithe atá á bhforbairt ag Ollscoil Mhá Nuad. Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh M. S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin ag reáchtáil seimineár do scoileanna ar na táscairí dea-chleachtais agus go mbeidh siad ag reáchtáil cúrsa samhraidh do na múinteoirí Gaeltachta.

Míníodh go mbeadh an Dianchúrsa á reáchtáil ar líne arís i mbliana. Tuairiscíodh go raibh clár feasachta idirbhliana á bheartú i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta, An Roinn Oideachais, an PDST agus COGG. Tuairscíodh go raibh an obair ar an tionscadal soláthair ag leanúint ar aghaidh.

8. Uasdátú ar an soláthar reatha agus ar phleananna na dtéacsleabhar iar-bhunscoile

Tháinig Pádraig Ó Beaglaoich i láthair an chruinnithe. Thug sé uasdátú i dtaca leis an soláthar reatha téacsleabhar iar-bhunscoile. Mhínigh sé go raibh leaganacha nua de Théacs agus Trialacha AL agus GL ar fáil anois agus go mbeadh na téacsleabhair nua a leanas ar fáil i mí Iúil:

- OSPS - **Sláinte agus Folláine 1, 2 & 3**
- Fraincis - **Allons-Y 1 & 2**
- Oideachas Reiligiúnach – **Ceist an Chreidimh**
- OSSP – **Saoránaigh**
- Corp Oideachas na Sraithe Sinsearaí – **Barr Feabhais**

Chuir sé in iúl go raibh Spáinnis, Gearmáinis agus Grafaic na Sraithe Sóisearaí i measc an tsoláthair tuartha do 2022/23 mar aon le Gnó agus Stair na Sraithe Sinsearaí freisin. Mhínigh sé go raibh obair foirne i gceist le soláthar na dtéacsleabhar ar fad. Thug an Cathaoirleach moladh do Phádraig as an obair mhór a bhí ar siúl aige agus ghabh sé buíochas leis ar son an Bhoird as a ghairmiúlacht ar fad.

D'fhág P. Ó Beaglaoich an cruinniú ag an phointe seo.

9. Tuairisc Airgeadais agus Caiteachais

Tuairiscíodh nach raibh ach 16% den bhuiséad caite go dtí seo i mbliana ach go raibh an Bord ar an eolas faoi sin, ar mholadh ón Chlár Riosca agus Iniúchóireachta. Aontaíodh go bpléifí an cheist arís i mí an Mheithimh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais a ullmhú.

10. Scéim Sparánachtaí Taighde 2021

Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais ón Scéim Sparánachtaí Taighde agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas (molta ag D. Nic Craith agus cuidithe ag P. Ó Muirí):

Teideal an taighde	**Méid molta**	**Tréimhse ama**
Soláthar oideachais do pháistí a bhfuil Béarla mar theanga bhreise acu sa chóras oideachais Ghaeltachta/lán-Ghaeilge.	€20,314	Meán Fómhair 2021 go Meitheamh 2022
Bilingualism & Down Syndrome: Experience of Irish-Medium Education for children with Down Syndrome and their parents.	€20,450	€10,225 do bhliain 2 den PhD agus €10,225 do bhliain 3.
Staidéar ar ról na ceannaireachta sa tumoideachas i mbunú, bainistiú & bisiú Gaelscoile.	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.
Iniúchadh ar Theagasc Foirm-Dhírithe ar bhonn scoile uile: an spreagfar athrú cleachtais i measc múinteoirí bunscoile tumoideachais má chuirfear forbairt ghairmiúil leanúnach ar bun?	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.
Staidéar comparáideach eitneagrafaíoch ar ghnothachtáil dhaltaí ar mheán-leibhéal inniúlachta ag an mbunleibhéal idir scoileanna T1 agus scoileanna T2.	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.
Feasacht teanga an mhúinteora ábhair sa Ghaelcholáiste: Iniúchadh ar shainriachtanais, ar fhoghlaim ghairmiúil múinteoirí ábhair agus ar thionchar na foghlama sin ar chleachtais oideolaíochta.	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.

Ghlac an Bord leis na moltaí eile (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin).

Teideal an taighde	**Méid molta**	**Tréimhse ama**
Iniúchadh ar chleachtais thrasteanga i nGaelscoileanna.	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.
Forbairt measúnú litrithe dátheangach de réir critéir do pháistí Rang 1 i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.	€20,228	Meán Fómhair 2021 go Lúnasa 2022

Cumarsáid i bhfoghlaim thionscadalbhunaithe E.T.I.M. i nGaelscoileanna.	€3,000	Táille €2,250 don tráchtas, €250 do bhallraíocht de ReCreate agus €500 do chostais eile.
Reading in Irish: the development of a reading assessment for Irish-medium schools in Gaeltacht and English dominant regions.	€24,057	Bliain amháin
Tionchar an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta (POG) ar eispéireas, féiniúlacht agus ról an phríomhoide iarbhunscoile na Gaeltachta: cás staidéar ar cheithre iarbhunscoil Ghaeltachta.	€17,612	Táillí acadúla PhD thar thréimhse 4 bliana - €4,403 in aghaidh na bliana.
Action research project to design and develop a QQI 6 major award in practice based ECE immersion education through the medium of Irish.	Diúltú	
The role of writing beliefs & attitudes to tech. in writing beliefs of 3rd level students.	Diúltú	
An Heirméineotaic Spásúil.	Diúltú	
Drama in Education - social identity in Gaelscoileanna in NI.	Diúltú	

D'iarr E. Ní Chorráin go gcuirfí leagan Gaeilge ar fáil den dá phíosa taighde Béarla freisin.
Pléadh na hiarratais a diúltaíodh, an t-iarratas a bhain leis an tumoideachas ach go háirithe. Chuir B. Ní Ghréacháin in iúl go raibh gá lena leithéid cé go raibh sé taobh amuigh d'fheidhmeanna COGG agus gurbh fhiú an t-iarratasóir a threorú chuig Gaelscoileanna agus b'fhéidir Foras na Gaeilge ina leith.

Aontaíodh go scaipfí an dá iarratas seo a leanas ar an Bhord, go gcuirfí aon cheisteanna faoi bhráid na dtaighdeoirí más gá, agus go ndéanfadh an Bord cinneadh i leith an dá iarratas ar ríomhphost.

Teideal an taighde	**Méid molta**	**Tréimhse ama**
Teagasc Ionchuimsitheach na Gaeilge.	€10,000	Meitheamh 2021 go Márta 2024
Gléasanna cumarsáide a fhorbairt dóibh siúd faoi mhíchumas urlabhra: 'AAC' don Ghaeilge.	€25,000	Meán Fómhair 2021 go Meán Fómhair 2022

11. An Clár Riosca

Míníodh nach raibh aon uasdátú le tabhairt faoin chlár riosca ach mhínigh an Cathaoirleach gur riosca é nach bhfuil Leas-Phríomhfheidhmeannnach ag an eagraíocht.

12. Aon Ghnó Eile

Ardaíodh ceist faoi chomhairliúchán an CNCM agus mhínigh E. Ní Neachtain go leanfaí leis agus go mbeidh tuilleadh plé i mí an Mheithimh. Mhínigh sí nach mbeadh an suirbhé ag druidim ar an 28ú Bealtaine mar a bhí beartaithe agus go mbeadh sé oscailte go dtí mí Lúnasa anois.

Cuireadh in iúl go mbeadh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt an 22ú Meitheamh ach go gcuirfí le fad an chruinnithe toisc go bhfuil a lán le plé.

Síniú: _____ Dáta: 22 Meitheamh 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 22 Meitheamh 2021

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh, Pádraig Mac Grianna, Peadar Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Lorraine Finn.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí 11 Bealtaine 2021

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 11ú Bealtaine 2021 (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an plé maidir le teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Béarla curtha siar go dtí an chéad chruinniú eile.

5. Ráiteas Airgeadais 2020 á chur i láthair ag Seán Ó Súilleabháin

Tháinig Seán Ó Súilleabháin i láthair an chruinnithe. Chuir sé ráiteas airgeadais 2020 i láthair an Bhoird agus bhí plé ina dhiaidh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le S. Ó Súilleabháin as an ráiteas agus na nótaí cuimsitheacha a ullmhú. Ghlac an Bord le ráiteas airgeadais 2020 agus thug an Bord cead don Chathaoirleach é a shíniú (molta ag S. Ó Fearraigh agus cuidithe ag D. Nic Craith). Ghabh S. Ó Súilleabháin buíochas do A. Nic Craith as an chabhair ar fad in ullmhú na gcuntas.

D'fhág Seán Ó Súilleabháin an cruinniú ag an phointe seo.

Chuir an Cathaoirleach in iúl go mbeadh próiseas á thosú i mbliana chun iniúchóir seachtradh a cheapadh arís de bharr go raibh 3 bliana curtha isteach ag Seán Ó Súilleabháin.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl gur ceadaíodh síneadh bliana eile do Mhichéal S. Mac Donnacha. Chuir sé in iúl nach raibh sé in ann freastal ar an an chruinniú rialachais is déanaí ach gur fhreastail sé féin agus D. Nic Craith ar chruinniú leis an Roinn maidir le todhchaí agus struchtúr na heagraíochta agus go raibh obair ar siúl acu ina leith. Léigh sé amach ríomhphost a fuair sé ón Roinn maidir le ballraíocht ar Bhord COGG agus bhí plé ina dhiaidh. Míníodh gur tréimhse ballraíochta 4 bliana a bhíonn ann de ghnáth ach gur tugadh 3 bliana don Bhord reatha. D'aontaigh an Bord gur cheart go mbeidh tréimhse 4 bliana ag an chéad Bhord eile agus gur cheart cás a dhéanamh síneadh bliana a chur le tréimhse an Bhoird reatha.

7. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh Tuarascáil Bhliantúil 2020 le cur faoi bhráid na Roinne go luath agus go raibh an obair sin ar siúl faoi láthair. Cuireadh in iúl go raibh iniúchadh déanta ag an Iniúchóir Inmheánach, DHKN, ar an chóras deontas agus go raibh tuairisc curtha ar fáil acu ina leith. Míníodh go raibh dhá mholadh sa tuairisc, moladh amháin maidir le córas ríomhaireachta do na scéimeanna ach nár glacadh leis sin toisc go bhfuil an eagraíocht róbheag dá leithéid, agus moladh eile go gcuirfí seicliosta ar gach comhad agus glacadh leis an mholadh áirithe sin.

Cuireadh in iúl go raibh comhaontuithe curtha ar fáil do na daoine a fuair maoiniú faoin scéim sparánachta taighde. Míníodh go raibh an obair ar siúl maidir leis an Dianchúrsa á reáchtáil ar líne. Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh M. S. Mac Donnacha ag reáchtáil cúrsa samhraidh do na múinteoirí Gaeltachta agus go gcuirfeadh M. Nic an Rí an Mol Mata faoi bhráid an chúrsa sin agus go lorgófaí aiseolas ina leith. Míníodh go raibh M. S. Mac Donnacha agus

P. Ó Loideáin ag pleanáil don scoilbhliain nua. Tuairiscíodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh. Tuairiscíodh go raibh aighneacht ullmhaithe ag P. Ó Beaglaoich maidir leis an straitéis dhigiteach agus curtha faoi bhráid na Roinne.

Cuireadh in iúl go raibh an veain nua faighte agus go raibh athchóiriú á dhéanamh air faoi lathair. Iarradh aon mholtaí i dtaca leis an seanveain. Míníodh go raibh moladh ann pictiúrlann a dhéanamh de agus spás ann le haghaidh 25 páiste. Aontaíodh go bhfaighfí comhairle maidir le fáil réidh leis an veain.

8. Tuairisc Airgeadais agus Caiteachais

Tuairiscíodh go mbeadh na scéimeanna taighde agus áiseanna le híoc as an bhuiséad go luath. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais a ullmhú.

9. Scéim Mhaoinithe agus Áiseanna Teagaisc 2021

D'iarr an Cathaoirleach ar an Bhord aon choimhlint leasa a nochtadh i gcás aon iarratas ach níor nochtaíodh aon choimhlint leasa. **Tháinig Maire Nic an Rí i láthair an chruinnithe.** Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais bhunscoile agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Achmainní oideachais a bhaineann leis an nádúr, béaloideas srl. Cruthófar 4 phlean ceachta agus leabhar múinteora. *Máire Nic an Bhaird*	€14,500	€5,000
Físeáin bheochana bunaithe ar dheich gcinn de na hamhráin ón dlúthdhiosca Picnic Teidí le liricí na n-amhrán ar an scáileáin. *Sadhbh Rosenstock*	€25,000	€15,000
Sraith 12 físeán teagaisc a spreagfaidh daltaí rang 5 + 6 lena ngearrscannán Gaeilge féin a fhorbairt, a scríobh agus a léiriú – curtha i láthair ag an drámadóir agus stiúrthóir aitheanta, Darach Mac Con Iomaire. *Darach Mac an Iomaire (Stiúideo Cuan)*	€16,250	€12,000
Ireland's Blubber Book - leabhar saothair faoi dheilfeanna srl. *Paraic de Bhaldraithe*	€5,785.03	€5,000
Mamaí Gé le Gabriel Rosenstock. Taisce scéalta atá sa leabhar seo atá ina mhórshaothar ó thaobh na scéalta atá bailithe ann agus an cur chuige ealaíonta a bheas leis. Is leabhar scéalta do pháistí óga é. *Eoghan Mac Giolla Bhríde (Éabhlóid)*	€14,877	€12,000
Úrscéal a bheidh dírithe ar an aoisghghrúpa léitheoirí in ardranganna na bunscoile lánGhaeilge a bhfuil 'Misiún Curiosity' de chuid NASA ('Perseverance' /'Rover' srl) mar chúlra leis. MÓINÍN	€13,534 go €17,620	€10,000

Dialann Deilfe' - leabhar léitheoireachta a dhíríonn isteach ar an dochar atá daoine ag déanamh don domhan fríd súile deilfe. Glacann sé an léitheoir fríd na deacrachtaí a bhíonn ag ainmhithe mara, macasamhail an deilf. *Risteard Mac Daibhéid*	€4,015	€4,015
'Rónán agus a stad cainte' - leabhar léitheoireachta é a dhíríonn isteach ar pháiste a bhfuil stad cainte ann. *Risteard Mac Daibhéid*	€3,750	€3,750
Acmhainní oideachasúla a bhaineann le sábháilteacht ar líne. *Aoife Keogh (Cyber Safe Kids)*	€14,519	€10,000
Leabhar amhrán agus ceoil dírithe ar naíonáin chun cabhrú le múinteoirí agus tuismitheoirí ainmneacha litreacha aibítir na Gaeilge a mhúineadh dóibh	€10,000	Diúltaithe
Thíos Cois na Trá - dán/amhrán nuachumtha dírithe ar na Naíonáin, a fhoilseofar mar leabhar, le hobair ealaíne d'ardchaighdeán. *Paul Quin Noiz Entertainment Ltd*	€10,015	€10,000
Leabhar pictiúr darb ainm *Cuisle na Coille.* Scéal simplí, siamsúil, cruthaitheach é faoin chairdeas idir cat crainn (Seoidín) agus iora rua (Beogán) agus an dóigh a n-éiríonn leo, le cuidiú ó ainmhithe eile coille, an choill a tharrtháil ón scrios. *Áine Nic Niallais*	€11,800	€10,000
Athfhormáidiú agus athchóiriú le déanamh ar na leabhair Rita le heagráin nua a chur i gcló i gclúdach bog le plapa nua francach. Tús le leabhar gníomhaíocht 'DOODLE' a chruthú ar líne bunaithe ar dhea-chleachtas spreagúil san oideachas. *Caitríona Nic Sheáin (An tSnáthaid Mhór)*	€23,210	€17,000
Aistear Amhránaíochta - Acmhainn Cheoil agus Ghaeilge do Bhunscoileanna. 4-6 chnuasach amhrán nua a chumadh agus a chur leis an suíomh gréasáin Aistear Amhránaíochta (www.aistearamhranaiochta.ie) a bunaíodh anuraidh. *Aran Corcoran*	€12,600	€10,000
Aip Mata do pháistí bunscoile. Ag tosnú le Naíonáin Bheaga, beidh cluichí gealmhar, tarraingteach ann chun seans a thabhairt do pháistí coincheap Mata a fhoghlaim agus a chleachtadh. *Diarmuid Roche – MathsBolt Limited*	€12,000	Breis eolais lorgtha
Cártaí beaga aireachais agus machnaimh *Tuismitheoirí na Gaeltachta*	€7,000	€5,000
Áis foghlama bunaithe ar an leabhar amhrán d'aibítir na Gaeilge *Rossa Ó Snodaigh & Coiscéim*	€10,500	€6,000
Cóipleabhair lámhscríbhneoireachta do Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha. *BCM Publishing*	€10,000	€8,000
Cosa Fada an Lasairéin - cnuasach amhrán Gaeilge dírithe ar pháistí ó haois 8 go 12. *Hilary Bow*	€7,000	€6,000

Bizzy Breaks for Bizzy Bodies and Bizzy Minds. Ag úsáid cur chuige iomlánaíoch i leith na sláinte, tugann an clár deiseanna laethúla do pháistí nósanna sláintiúla a chur i bhfeidhm ar nós iompar neamhghníomhach a laghdú, gníomhaíocht choirp a ardú agus aireachas a chleachtadh. *Mairéad Ní Thiománaigh (Gaelbhratach)*	€14,000	€10,000
Orla Uan ar an bhFarraige, scéal agus dlúthdhiosca. *Orlaith Ruiséal (Oidhreacht Chorca Dhuibhne)*	€4,000	€4,000
Dóchás Pócas. Is pictiúrleabhar é Dóchas Pócas le scéal do pháistí atá inste go fileata le véarsaíocht. *Eoghan Mac Giolla Bhríde (Éabhlóid)*	€7,230	€4,000
Glór ar Inis Gluaire - leabhar do páistí. Is scéal eachtraíochta é atá lonnaithe i Maigh Eo. *Nicola Ní Mhaolábhail*	€6,178.69	€3,900.00
Macán - Sraith trí leabhar do na naíonáin bheaga is mhóra faoin mac tíre beag 'Macán'. Macán ar Saoire; Macán ar an Trá; agus Macán ar ais ar Scoil. *Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac)*	€8,000	€7,000
Trí Leabhar le Roald Dahl (athchló): Danny Seaimpín an Domhain; Na Gamail; agus Na Cailleacha. *Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac)*	€11,289	€8,000
An Crogall Ollmhór (The Enormous Crocodile) Roald Dahl *Darach Ó Scolaí (Leabhar Breac)*	€8,972	€7,500
My Wellbeing Diary - leagan Gaeilge *Karen Wogan (Folens)*	€23,161	Breis eolais lorgtha
Leagan véarsaíochta Gaeilge de MONKEY PUZZLE *Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)*	€1,725	€1,725
Athnuachan ceadúnas do chúig leabhar a d'fhoilsigh siad cheana faoi na teidil 1. AN PHLUAIS, 2. FUADAITHE, 3. SPRIOCLÁ, 4. CUILEOG, agus 5.AMÚ faoi seach. *Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)*	€6,619	€5,000
Leagan Gaeilge den úrscéal grafach grinn DOG MAN le Dave Pilkey a fhoilsiú. *Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)*	€8,585	€4,000
An dara teideal sa tsraith, ROWLEY JEFFERSON'S AWESOME FRIENDLY ADVENTURE, a fhoilsiú i nGaeilge faoin teideal EACHTRA an DLÚTHCHARA le ROWLEY JEFFERSON (teideal oibre). *Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)*	€7,103	€7,103
Athchló a dhéanamh ar phictiúrleabhar véarsaíochta ZOG *Tadhg Mac Dhonnagáin (Futa Fata)*	€1,612.50	€1,612.50
Giglets	€24,500	Curtha siar

Cluasfhoghlaim - Réamhléitheoireacht. Tá sé i gceist cur leis an stór ceachtanna sa sraith seo a bhfuil an-tóir air. Tá na ceachtanna ar fad in oiriúint do pháistí sna bunranganna i ngaelscoileanna agus i ngnáthscoileanna Béarla. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€5,040	€3,830
Léarscáil idirghníomhach - Bláthanna Fiána na hÉireann (leagan sinsearach le quiz). Leanúint leis na ceachtanna dúlra. aithint/ dath/ áiteanna len iad a fheiceáil/ cathain go mbíonn siad faoi bhláth srl.An dtagann beacha agus feitheidí chucu srl. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€5,200	€3,000
Léarscáil idirghníomhach - Bláthanna Fiána na hÉireann (leagan sóisearach le quiz). Mar atá sonraithe thuas. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€3,950	€3,000
Léarscáil idirghníomhach de Mhionainmhithe sa Ghairdín (leagan sóisearach le quiz). Leanúint leis na ceachtanna dúlra. 10 ghrúpa de mhionainmhithe a fheictear sa ghairdín. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,500	€2,000
Eipic! Iris nuachta mhíosúil. *Stephen Keane (Primary Planet)*	€30,000	€20,000
Sraith shaibhir áiseanna teagaisc agus foghlama don oideachas trí Ghaeilge agus do theagasc na Gaeilge do dhaltaí scoileanna náisiúnta(5) agus scoileanna dara leibhéil(2) Ghaeltacht Mhúscraí agus ina dhiaidh sin Gaeltachtaí eile. *Cormac Ó hAodha*	€20,580	€20,000
Léarscáil idirghníomhach de Mhionainmhithe sa Ghairdín (leagan sinsearach le quiz.) Mar atá sonraithe thuas. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,800	€2,000
Úrscéal Labhartha Idighníomhach ('The Book of Wishes') 'Leabhar na Mianta'. Aistriúchán agus cruthú digiteach. *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€4,782	€4,500
Suíomh gréasáin le ceachtanna, cluichí oideachasúla, cluichí idirghníomhacha *Micheál Ó Muirí (www.anmuinteoir.ie)*	€8,500	€8,500
Dhá dhráma a chur ar fáil (mar PDF) a bhféadfadh scoileanna iad a íoslódáil agus a úsáid. An Tornapa Mór, agus Ní Tharlaíonn Tada Anseo Riamh. Bhuaigh leaganacha de na drámaí seo duaiseanna Oireachtais. *Áine Ní Ghlinn*	€2,500	€2,500
Ó Ailm go hÚr - Léitheoireacht na Gaeilge ón Tús. Ábhar réamhléitheoireachta a fhreastalaíonn ar an séimhiú agus ar an urú. Tá Bosca Cártaí ina chuid de seo. Ábhar léitheoireachta ficsin nuachumtha: Scéalta foghraíochta. *Dr. Úna Lawlor*	€19,665	€19,665

Ardaíodh ceist faoi athchló agus aontaíodh gur cheart líne a chur ar an fhoirm iarratais ar nós 'sa chás gur athchló atá i gceist, cén brábús a rinneadh ar an chéad chló? Mhol B. Ní Ghréacháin go gcuirfí colún breise ar fáil amach anseo ag míniú cén fáth gur diúltaíodh/moladh gach deontas.

Ghlac an Bord leis an mholadh i dtaca leis na hiarratais ar diúltaíodh dóibh.

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Leabhar cócaireachta i nGaeilge *Stella Mc Mahon*	€3,500	Diúltaithe
Leabhar amhrán agus ceoil dírithe ar naíonáin chun cabhrú le múinteoirí agus tuismitheoirí ainmneacha litreacha aibítir na Gaeilge a mhúineadh dóibh *Rossa Ó Snodaigh & Coiscéim*	€10,000	Diúltaithe
Leabhar dar teideal Cártaí Poist ó Uncail Stiofáin dírithe ar pháistí scoile 8 - 10 mbliana d'aois *Coiscéim agus Joel Smith*	€10,000	Diúltaithe
Leabhar dar teideal 'Cé mar a dtaithníonn do Leite Leat' *Gráinne Quinlan & Coiscéim*	€6,000	Diúltaithe
Ceachtanna STEM *Dr Claire McVeigh*	€20,834.63	Diúltaithe
Dialann Aireachais do Pháistí *Áinín Uí Chaiside*	€10,000	Diúltaithe
Foclóir/leabhar téarmaíochta Matamaitice *Áine Mhic Giolla Cheara*	€24,000	Diúltaithe
Úrscéal gairid is ea é a chuirfear ar fáil mar ríomhleabhar saor in aisce ar féidir é a íoslódáil agus a léamh ar líne nó a phriontáil amach le haghaidh ranganna ar scoil, nó a léamh sa mbaile. *Sinéad Ward*	€7,004.85	Diúltaithe
Bunachar acmhainní digiteacha úrscothach d'ábhar oidí a bheas ag ag teagasc na Gaeilge. *Gearóidín Uí Laighléis*	€19,711	Diúltaithe
Leabhair léitheoireachta mar chuid den chlár Abair Liom *Kiara Walsh (Folens)*	€24,680	Diúltaithe
Folens Explorers SESE - leagan digiteach i nGaeilge *Kiara Walsh (Folens)*	€23,385	Diúltaithe
Folens Explorers SESE - leagan clóite i nGaeilge *Kiara Walsh (Folens)*	€21,544	Diúltaithe
Primary Irish core language programme *Emma O'Dwyer (Gill Education)*	€25,000	Diúltaithe
Cluiche Tomhais Réamhléitheoireacht – Cé Mé (20) *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€3,410	Diúltaithe
Aimsigh an Abairt Cheart *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€5,220	Diúltaithe
Comhaireamh agus Seiteanna Naíonáin Bheaga *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,410	Diúltaithe
Comhaireamh agus Seiteanna Naíonáin Mhóra *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,410	Diúltaithe
Forbairt foclóra *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€5,610	Diúltaithe
Crainn na hÉireann Leagan Sinsearach *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€7,000	Diúltaithe
Crainn na hÉireann Leagan Sóisearach le Quiz *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€4,325	Diúltaithe

Seicheamhú – 20 ceacht ar fad *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€4,540	Diúltaithe
Móide Naíonáin Mhóra - scileanna móide a mhúineadh *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,410	Diúltaithe
Móide Naíonáin Bheaga - scileanna móide a mhúineadh *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,410	Diúltaithe
Lúide Naíonáin Mhóra - scileanna lúide a mhúineadh *Neil Ó Taráin (Léigh Leat)*	€2,410	Diúltaithe

Gabhadh buíochas le M. Nic an Rí agus d'fhág sí an cruinniú.

Tháinig Pádraig Ó Beaglaoich i láthair an chruinnithe. Bhí ar an Chathaoirleach an cruinniú a fhágáil le glao gutháin ón Roinn a thógáil agus chuaigh C. Ó Muircheartaigh sa chathaoir. Phléigh an Bord na moltaí a bhí déanta ag an phainéal neamhspleách measúnóirí ar na hiarratais iar-bhunscoile agus ghlac an Bord leis na moltaí seo a leanas:

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Sraith 12 mír ina ndéanfar profáil agus ceiliúradh ar dhuine óg amháin. I ngach mír, téitear chun bualadh leis na haíonna sna háiteanna atá tábhachtach dóibh, agus sna háiteanna a spreag an Ghaeilge iontu. *Micheál Ó Ciaraidh*	€19,950	€2,000 le físeán amháin samplach a dhéanamh.
90 uair a chloig de cheachtanna folláine. Tá acmhainní digiteacha múinteoireachta ann, pleananna ceachta an mhúinteora, leabhar an dalta, Powerpoints srl. *Nurture 4 Wellbeing*	€25,000	Breis eolais lorgtha
Úrscéal Óró Alan Titley. Úrscéal do dhaltaí an teastais shóisearaigh agus do dhéagóirí óga. *Darach Ó Scolaí - Leabhar Breac*	€8,500	€6,000
Studyclix as Gaeilge do mhúinteoirí - na háiseanna agus conas iad a úsáid mar aon le Quizzes as Gaeilge. *Luke Saunders (Lighthouse Learning – www.studyclix.ie)*	€25,000	€12,500
Leabhar digiteach. Cuirfidh an leabhar seo samplaí agus gníomhaíochtaí a bhaineann le dúchas.ie ar fáil chun cur síos a dhéanamh ar litearthacht & saibhreas na Gaeilge. *Nils Pappers*	€9,600	€2,200
Rewrite Climate - clár faoin athrú aeráide a spreagfaidh daoine óga dul i ngleic leis. *The Cool Planet Experience*	€23,032	Breis eolais lorgtha
Tacaíocht le cur ar fáil do phríomhoidí agus do mhúinteoirí GaelGram a úsáid chun go dtapóidh siad an deis chun cruinneas scríofa na Gaeilge a fheabhsú i scoileanna ar fud na tíre. *Diarmaid Mac Mathúna (Cruinneog)*	€24,723	Plé breise le déanamh
An Bat Mírialta: córas teagascóireachta teanga cliste atá i gceist (i bhfoirm córas comhrá) a bhfuil sé mar aidhm aige sa chéad áit oiliúint a chur ar dhaltaí maidir le réimse ar leith - sa chás seo briathra neamhrialta na Gaeilge.	€20,000	€15,000

Baineann sé lánúsáid as an nua-theicneolaíocht urlabhra agus teanga don Ghaeilge atá á fhorbairt i gColáiste na Tríonóide agus in áiteanna eile. *Neasa Ní Chiaráin*		
Ardán idirlíon-bhunaithe ina mbeidh daltaí in ann logáil isteach air agus fáil a bheith acu ar thimpeallacht thríthoiseach ina mbeidh deis acu a gcuid scileanna Gaeilge a chleachtadh go neamhspleách. *Anna Ní Choirbín*	€24,440	Breis eolais lorgtha
Tionscadail éagsúla ar www.saoloibre.ie ar nós Gluais Téarmaí de Théarmaí Gairmthreorach le plean gníomhaíochta gaolmhar Kahoots, nua-shonrú bliantúil ar chúrsaí CAO/HET agus PLC/FET, Spás d'Fhorbairt Rogha Ábhair srl. *Eimear Sinnott (Durrow Communications)*	€22,100	Curtha siar
Córas foghlama ar-líne atá i gceist, le tacú le cianfhoghlaim teicneolaíochta idir chódú agus eile, agus ach go háirithe le cianfhoghlaim an cúrsa ríomheolaíochta ard-teistiméireachta. *The Academy of Code Ltd*	€25,000	Curtha siar
Clár Oideachais/Acmhainní Gaeilge (idir PPT, b.oibre, doiciméid tacaíochta) le stiúradh & moladh ann ar chonas gníomhaíochtaí aireachais / machnaimh a mhúineadh sa rang. *Lisa Nic Ghrianra*	€831	Breis eolais lorgtha
Splanc. Is don Idirbhliain an foilseachán nua-aimseartha Splanc. Baineann an t-ábhar le sainspéiseanna na haoisghrúpa seo chun caint agus plé a spreagadh sa rang. *Gael Linn*	€20,000	€20,000
Sraith d'fhíseanna proifisiúnta gur féidir a úsáid ag daltaí/(lena gclann & leo féin) le machnamh a dhéanamh trí Ghaeilge ag an bhaile/taobh amuigh den scoil nó sa rang mar ghrúpa. *Lisa Nic Ghrianra*	€7,000	Breis eolais lorgtha
40 Scéal sóisialta. Déanfaidh an tionscadal seo 40 Scéal Sóisialta trí mheán na Gaeilge a dhearadh a chlúdóidh réimse ábhar faoi na téamaí; cumarsáid, tuiscint shóisialta agus mhothúchánach, scileanna saoil agus aistrithe do dhaltaí bunscoile agus iar-bhunscoile i scoileanna meán Gaeilge. *Dr. Sinéad Andrews*	€10,099	€7,500
Teacht In Inmhe (4 mhodúl). An Éiceolaíocht mar fhoinse féiniúlachta, Forbairt Pobail, Forbairt Pearsanta agus Feasacht Teanga a scríobh agus ag leanúint an Chreatlaigh atá ullmhaithe ag comhghrúpa de chuid Teacht Aniar agus Tuismitheoirí na Gaeltachta. *Teacht Aniar i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta*	€25,000	€25,000
Scéim Phiolótach a thriail ar an dtionscadal "Teacht in Inmhe" *Teacht Aniar i gcomhar le Tuismitheoirí na Gaeltachta*	€9,643.20	Mar chuid den phríomhthionscadal

Rannóg na bhFoghlaimeoirí. Acmhainní ilmheáin, idirghníomhacha curtha ar fáil bunaithe ar shraith pictiúr na hArdteiste mar aon le físeáin, léamhthuiscintí, crosfhocail, prós agus 'míreanna mearaí' eile. Cuireadh tús an bhliain seo caite le sraith cluastuiscintí a bhfuil an-éileamh uirthi. *Tuairisc.ie*	€25,000	€20,000
Póstaeir Corpoideachais i nGaeilge *Mairéad Moriarty (Ashmore Learning*)	€2,000	€2,000
Vifax don Ghaeilge: áis foghlama Gaeilge ar líne, bunaithe ar mhíreanna nuachta TG4. *Aoife Ní Ghloinn, Ollscoil Mhá Nuad*	€7,325	€7,325
Acmhainní oideachasúla de chuid an YSI a bhaineann leis an nuálaíocht shóisialta *Young Social Innovators (Nuálaithe Sóisialta Óga)*	€10,250	€10,250

Ardaíodh ceist faoi GhaelGram agus an raibh fianaise ann go raibh an uirlis ag feidhmiú mar is ceart. Míníodh go raibh aghaidh á thabhairt ar an cheist sin faoi láthair ach go bhfuil an oiread oibre agus infheistíochta i gceist le huirlis mar seo a fháil mar is ceart.

Ghlac an Bord leis an mholadh i dtaca leis na hiarratais iar-bhunscoile ar diúltaíodh dóibh.

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Áis chun gníomhaíochtaí teanga uathúla a ghiniúint go huathoibríoch ar shuíomh gaois.ie is ea é seo. Bainfear na samplaí a bheas sa ghníomhaíocht ó chorpas agus is uathu sin a chruthófar bileoga oibre. Beidh an múinteoir Gaeilge in ann na bileoga sin a úsáid mar ghníomhaíocht a chabhróidh le foghlaimeoirí dul i ngleic le struchtúr na Gaeilge. *Colm Ó Ciardubháin*	€24,937.33	Diúltaithe
Eolaí Gríosach (cluiche). Beidh Eolaí Gríosach mar chluiche a leagfaidh béim ar aithint íomhánna bitheolaíochta a bheidh le feiceáil ar dhá chárta. *Clíona Nic Gabhann*	€4,305	Diúltaithe
Dráma le teideal oibre 'Réaltóga'. An réamhleagan atá ann ná Coláiste Samhraidh do dhéagóirí sna 1990dí atá dírithe ar cheol agus amhránaíocht. *Ógie Ó Céilleachair*	€15,000	Diúltaithe
Téacsleabhar Eacnamaíochta *Cian Mac Giolla Bhríde*	€13,000	Diúltaithe

Chuaigh D. Ó hAinféin sa chathaoir arís. Gabhadh buíochas le P. Ó Beaglaoich agus d'fhág sé an cruinniú. Ghabh an Cathaoirelach buíochas le S. Uí Choinne as an obair riaracháin ar an scéim mhaoinithe.

10. Iarratas taighde agus iarratas ó Ghaelteanga

Pléadh an comhfhreagras maidir leis an iarratas déanach ar an scéim sparánachta taighde. Pléadh na féidearthachtaí ina leith ach aontaíodh go bhfágfaí faoin Chathaoirleach agus faoin Phríomhfheidhmeannach féachaint ar na himpleachtaí agus cinneadh a dhéanamh dá réir.

Pléadh an t-iarratas ó Ghaelscoil Lios na nÓg do €30,000 le haghaidh teastas sa Ghaeilge do thuismitheoirí agus chinn an Bord diúltú don iarratas.

11. An Clár Riosca

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh an Roinn sásta síneadh bliana a cheadú do thréimhse an Bhoird reatha agus go raibh siad buíoch den Bhord as bheith sásta fanacht bliain bhreise. Ghlac an Bord leis an chlár riosca (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

12. Aon Ghnó Eile

Ardaíodh ceist faoi chomhairliúchán an CNCM agus mhínigh E. Ní Neachtain go raibh síneadh curtha leis an tréimhse chomhairliúcháin go dtí mí na Samhna agus go mbeidh athbhreithniú ar an tSraith Shóisearach i Meán Fómhair agus Deireadh Fómhair.

Aontaíodh ar na dátaí cruinnithe seo a leanas go deireadh na bliana:

- Dé Máirt 28 Meán Fómhair
- Dé Máirt 9 Samhain
- Dé Máirt 7 Nollaig

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Bhord agus le foirean COGG as bheith i láthair ag an chruinniú.

Síniú: _____ Dáta: 28 Meán Fómhair 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 28 Meán Fómhair 2021

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Elaine Ní Neachtain, Lorraine Finn, Pádraig Mac Grianna agus Peadar Ó Muirí.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Liam Ó Diomsaigh agus Séamus Ó Fearraigh.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Miontuairiscí an 22ú Meitheamh 2021

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 22ú Meitheamh 2021 (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

4. Ag eascairt as na miontuairiscí

D'ardaigh an Cathaoirleach ceist faoi na hiarratais ar an scéim mhaoinithe a raibh eolas breise le cur ar fáil acu agus cuireadh in iúl gur ceadaíodh na hiaratais seo a leanas ó shin agus an t-eolas breise faighte:

Ainm an tionscadail	**Méid iarrtha**	**Méid molta**
Iar-bhunscoil: Clár Oideachais/Acmhainní Gaeilge (idir PPT, b.oibre, doiciméid tacaíochta) le stiúradh & moladh ann maidir le conas gníomhaíochtaí aireachais/machnaimh a mhúineadh sa rang. *Lisa Nic Ghrianra*	€831	€831
Sraith d'fhíseáin phroifisiúnta gur féidir le daltaí a úsáid (lena gclann & leo féin) le machnamh a dhéanamh trí Ghaeilge ag an bhaile/taobh amuigh den scoil nó sa rang mar ghrúpa. *Lisa Nic Ghrianra*	€7,000	€7,000

Bunscoil: Aip Mata do pháistí bunscoile. Beidh suíomh idirlín do mhúinteoirí/thuistí mar ghné tábhachtach den aip ar a mbeifear in ann dul chun cinn na bpáistí a fheiceáil agus tasc/cluiche a thabhairt do na páistí**.** *MathsBolt Limited*	€18,000	€18,000
Leagan Gaeilge de My Wellbeing Diary – dialanna dalta, lámhleabhair an mhúinteora, físeáin mhachnaimh, Powerpoints do mhúinteoirí srl. *Folens*	€23,161	€23,161

Míníodh go raibh eolas breise i dtaca le hiarratas amháin eile curtha faoi bhráid an phainéil agus go mbeidh cinneadh an phainéil faoin iarratas sin faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile.

5. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh sí féin agus an fhoireann tosaithe ag filleadh ar an oifig agus go raibh prótacal sláinte á chur le chéile ina leith. Míníodh go mbeadh baill foirne ag taisteal chun na hoifige ar an chóras iompar poiblí agus go mbeadh súil le coinneáil air sin. Cuireadh in iúl gur éirigh go breá leis an dianchúrsaí i mí Lúnasa agus go mbeidh plé le déanamh ar dhianchúrsa 2022, cé acu a ndéanfar ar líne amháin arís é nó aghaidh ar aghaidh, nó an dá rud le chéile. Tuairiscíodh gur cuireadh 13 théacsleabhar nua ar fáil i mbliana, a bhuíochas le P. Ó Beaglaoich, a bhí i mbun an chomhorduithe ar fad. Míníodh go raibh léiriú spéise do na foilsitheoirí eisithe inniu agus an 12ú Deireadh Fómhair mar sprioc leis. Tuairiscíodh gur cuireadh deireadh leis an tionscadal soláthair le linn an tsamhraidh in ainneoinn na hoibre ar fad.

Tuairiscíodh go raibh an obair ar Mhol Mata ag leanúint ar aghaidh agus go mbeadh ceithre cheardlann le cur ar fáil i mí na Samhna de réir aoisghrúpaí. Mníníodh go raibh an obair ar an triail litearthachta (PPAD Gaeilge) ag leanúint ar aghaidh le Lárionad na Gaeilge. Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh M. S. Mac Donnacha le ceardalanna mata a chur ar fáil agus go raibh sé ag plé le príomhoidí maidir le scileanna éisteachta. Tuairiscíodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh agus go raibh 600 áis iar-bhunscoile curtha suas agus 350 áis bhunscoile curtha suas freisin. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú beartaithe le Glór na nGael níos déanaí sa tseachtain le plé a dhéanamh ar an seanveain toisc go bhfuil suim acu ann.

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl don Bhord go mbeadh sí ag éirí as a post ag deireadh mhí Feabhra i ndiaidh 19 mbliana sa ról sin. Ghabh an Cathaoirleach buíochas ó chroí léi as an obair ar fad den chéad scoth a rinne sí le linn na tréimhse sin. Thréaslaigh sé léi as an éacht a bhí déanta aici leis an eagraíocht agus gach rud déanta aici ar bhealach an-ghairmiúil agus an-éifeachtach. Ghabh gach comhalta Boird buíochas leis an Phríomhfheidhmeannach as a dúthracht leis an eagraíocht agus as a tiomantas don earnáil agus don teanga agus guíodh gach rath léi amach anseo.

6. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé ag plé leis an Roinn Oideachais maidir le tréimhse an Bhoird agus chuir sé in iúl go mbeadh tréimhse an Bhoird reatha ag teacht chun deiridh i mí an Mhárta 2022

ach gur tugadh síneadh 10 mí eile don Chathaoirleach. Míníodh go rabhthas ag súil le síneadh bliana don Bhord chun leanúnachas a chinntiú agus an Príomhfheidhmeannach ag éirí as ach nár tharla sé sin. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Phríomhfheidhmeannach as fógra a thabhairt dó tamall ó shin le ham a thabhairt dó cúrsaí a phlé leis an Roinn. Míníodh go mbeadh an Príomhfheidhmeannach ag scríobh chuig an Roinn anois agus fógra 5 mhí á thabhairt le Príomhfheidhmeannach nua a cheapadh.

7. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh €245,814.50 fós le dáileadh. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais a ullmhú.

8. Teagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Béarla

Labhair P. Ó Muirí faoi theagasc na Gaeilge sna bunscoileanna Béarla agus chuir sé béim ar an ghá le níos mó deiseanna cumarsáide a bheith ag daltaí chun an Ghaeilge a úsáid go rialta. Rinne sé tagairt do cheist na ceannaireachta ag leibhéal na scoile agus na dea-chleachtais i measc na múinteoirí. Lorgaíodh tuairimí ón Bhord i leith na ceiste. Moladh clár teagaisc do na bunscoileanna agus struchtúr don teagasc teanga le ceachtanna. Tuairiscíodh go raibh eapsa muiníne ag múinteoirí i dtaca le múineadh teanga agus go raibh gá le múnla éigin. Ardaíodh ceist faoi cad is féidir le COGG a dhéanamh gan teacht trasna ar obair an CNCM agus moladh go gcuirfeadh COGG fochoiste ar bun le tabhairt faoi. Ghlac an Bord leis an mholadh sin (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh). Aontaíodh go mbeadh ionadaíocht ón Bhord ar an fhochoiste mar aon le hionadaíocht sheachtrach agus ionadaíocht ón Roinn Oideachais freisin. Míníodh go mbeadh téarmaí tagartha le haontú agus go mbeadh dréacht faoi bhráid an Bhoird ag an chéad chruinniú eile.

9. Aighneacht do Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas & Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht & Eolaiocht

Pléadh an aighneacht do Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas & Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht & Eolaiocht agus míníodh go raibh sé le bheith istigh faoin 6 Deireadh Fómhair. D'iarr an Cathaoirleach ar an Bhord aon mholtaí a chur ar fáil i scríbhinn don Phríomhfheidhmeannach.

10. Tuairisc ón CNCM

Thug E. Ní Neachtain tuairisc ó bhéal maidir leis an staid reatha. Cuireadh in iúl go raibh an comhairliúchán do Ghaeilge na hArdteiste oscailte go dtí an 30ú Samhain agus go raibh na suirbhéanna ar líne fós ar oscailt. Cuireadh in iúl go raibh cruinniú beartaithe le COGG i gceann seachtaine agus go mbeadh grúpaí fócais le múinteoirí le réachtáil chomh maith. Míníodh go ndéanfaí athbhreithniú ar chur i bhfeidhm luath na Gaeilge, T1 agus T2, sa tSraith Shóisearach agus go mbeidh tuairisc ar an athbhreithniú ar fáil go luath in 2022. Míníodh go mbeadh an comhairliúchán ar an Dréachtchreat Curaclaim Bunsoile ag oscailt ar an 19ú Deireadh Fómhair.

Thagair B. Ní Ghréacháin don taighde atá á dhéanamh ag Ollscoil Luimnigh ar Chreat na Sraithe Sóisearaí agus moladh go mbuailfeadh COGG leis na taighdeoirí. Míníodh nach bhfuair COGG ná Gaeloideachas cuireadh chun bualadh leo.

Rinneadh tagairt don chruinniú déthaobhach atá beartaithe leis an CNCM agus iarraidh tuairimí ina leith. Cuireadh in iúl go raibh ceisteanna córasacha fós le freagairt agus go raibh gá le tuilleadh comhairliúcháin. Cuireadh béim ar na pointí bónais agus míníodh go raibh an cur chuige gan na pointí bónais ag déanamh dochair.

11. Iarratas 'If I were Jack'

Pléadh iarratas 'If I were Jack' ó Ollscoil na Banríona agus míníodh go ndearnadh píolótú i nGaelcholáistí ach go raibh gearán ann faoin fhíseán i mBéarla. Ghlac an Bord leis an mholadh suas le €25,000 a chur ar fáil don tionscnamh.

12. Tuairisc ón Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Thug D. Nic Craith tuairisc ó bhéal faoin chruinniú a bhí ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca le déanaí. Cuireadh in iúl gur pléadh an conradh trí bliana don iniúchóir seachtrach agus an tuarisc airgeadais. Míníodh go raibh an t-iniúchóir inmhéanach DHKN ag leanúint leo leis an chlár oibre s'acu. Tuairiscíodh go raibh féinmheasúnú le déanamh ag an Bhord mar aon le measúnú ar ról an Chathaoirligh agus go ndéanfaí an dá phíosa oibre sin le chéile.

13. An Clár Riosca

Cuireadh in iúl nach raibh aon uasdátú déanta ar an chlár riosca ó shin ach go raibh riosca mór le cur ar an chlár riosca anois agus an Príomhfheidhmeannach ag éirí as.

14. Aon Ghnó Eile

Chuir B. Ní Ghréacháin in iúl go raibh an Polasaí don Oideachas Lán-Ghaeilge ar chlár oibre na Roinne Oideachais anois agus gur aithin siad go bhfuil gá suntasach le polasaí dá leithéid. Roinn sí cur i láthair ina leith ar an scáileán mar eolas don Bhord.

Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar an 9ú Samhain ar siúl in óstán an Gresham i mBaile Átha Cliath. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Bhord agus le foireann COGG as bheith i láthair ag an chruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta: 9 Samhain 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 9 Samhain 2021

2:00in. in Óstán an Gresham, Baile Átha Cliath, agus ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn, Peadar Ó Muirí agus Séamus Ó Fearraigh.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain agus Pádraig Mac Grianna.

1. Cruinniú gan an Feidhmeannas

Bhí cruinniú gairid ag an Bhord gan an Feidhmeannas i láthair.

2. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú in Óstán an Gresham agus ar Zoom.

3. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

4. Miontuairiscí an 28ú Meán Fómhair 2021

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 28ú Meán Fómhair 2021 (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin) agus shínigh an Cathaoirleach iad.

5. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh an fhoireann ar ais san oifig agus go raibh daoine ar ais ar bhonn lánaimseartha agus daoine eile ar ais lá nó dhó sa tseachtain. Cuireadh in iúl gur scaipeadh dhá cheistneoir ar an Bhord; féinmheasúnacht an Bhoird agus measúnú ar an Chathaoirleach. Míníodh go raibh na ceistneoirí faoi rún agus go ndéanfadh É. Ó Dónaill anailís orthu agus go dtuairisceodh sé don Bhord ina leith ag an chéad chruinniú eile. Míníodh go mbeadh L. Ó Diomsaigh agus M. Nic an Rí

ag déanamh cur i láthair inniu ar an tionscadal tábhachtach Mol Mata atá in oiriúint don dá churaclam thuaidh agus theas.

Tuairiscíodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh agus go ndéanfaí léiriú ar an obair ag an chéad chruinniú eile. Míníodh go raibh an obair ar na pobail chleachtais ag leanúint ar aghaidh agus go rabhthas ag obair leis an PPLI. Míníodh gur lorgaíodh léirithe spéise ó na foilsitheoirí maidir le téascleabhair iar-bhunscoile agus go mbeadh na hábhair le roghnú i dtaca leis na téascsleabhair a dhéanfar in 2022.

Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh M. S. Mac Donnacha agus P. Ó Loideáin ag déanamh seisiúin leis na bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna agus ag cur tacaíochta ar fáil dóibh. Míníodh go raibh rudaí sásúil ó thaobh an Pholasaí de ach go raibh COVID i ndiaidh cur isteach ar chúrsaí. Míníodh go raibh síneadh dhá bhliain curtha leis an scéim aitheantais ach go raibh sé fós uaillmhianach do scoileanna agus gur ceist don chigireacht í sin.

7. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh dul chun cinn déanta i dtaca le post an Phríomhfheidhmeannaigh agus go mbeadh an post le fógairt roimh dheireadh na míosa. Míníodh nach raibh mórán dul chun cinn déanta i dtaca leis an struchtúr inmheánach áfach.

8. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh €245,814.50 fós le dáileadh. Tuairiscíodh go raibh os cionn €300,000 sa chuntas taisce. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais a ullmhú.

9. An Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais

Thug P. Ó Muirí uasdátú faoin staid reatha. Chuir sé in iúl go raibh sé socraithe ag an Roinn Oideachais go mbunófaí coiste stiúrtha agus go mbeidh litir seolta chuig na gníomhaireachtaí áirithe sna Ranna Stáit ina leith. Míníodh go mbunófaí grúpa maidir le conas an coiste stiúrtha a bhunú agus a stiúradh agus gur grúpa idir-rannach a bheadh ann. Moladh gur cheart go mbeadh Príomhfheidhmeannach COGG mar bhall den ghrúpa sin. Léiríodh imní go mbeadh cúraimí breise ar an Aonad um Oideachas Gaeltachta agus go mbeadh acmhainní breise de dhíth le cinntiú nach gcuirfeadh sé isteach ar obair an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta. Moladh achainí a dhéanamh le haghaidh aonad ar leith ag a mbeadh stádas cuí agus maoiniú ceart curtha ar fáil dó. Aontaíodh gur mian leis an Bhord bheith páirteach ach go raibh imní ann i dtaca leis na leibhéil éagsúla ag plé leis agus nach mbeadh sé cuí iarraidh ar an Aonad um Oideachas Gaeltachta bheith ag díriú ar an obair sin.

10. Mol Mata

Tháinig Máire Nic an Rí i láthair an chruinnithe ar Zoom agus thug sí féin agus L. Ó Diomsaigh cur i láthair ar an tionscadal Mol Mata agus bhí plé ina dhiaidh. Cuireadh in iúl go raibh líon mór múinteoirí

cláraithe do na ceardlanna ach go ndéanfaí taifead orthu le go mbeidh múinteoirí eile ábalta féachaint orthu. Thug M. Nic an Rí aitheantas speisialta do L. Ó Diomsaigh agus chuir sí in iúl nach mbeadh an obair ar fad déanta murach é. Thréaslaigh an Cathaoirleach le L. Ó Diomsaigh agus le M. Nic an Rí agus ghabh sé buíochas leo as an obair ar fad. D'fhág M. Nic an Rí an cruinniú.

11. Dréacht-théarmaí Tagartha an Fhochoiste do theagasc na Gaeilge i scoileanna atá ag teagasc trí Bhéarla

Pléadh dréacht-théarmaí tagartha an fhochoiste do theagasc na Gaeilge i scoileanna atá ag teagasc trí Bhéarla. Aontaíodh go ndíreofaí ar an bhunscolaíocht ar dtús. Aontaíodh ar roinnt leasuithe ar na dréacht-théarmaí tagartha agus aontaíodh go scaipfí an leagan leasaithe ar an Bhord go luath.

12. Tuairisc ón CNCM

Cuireadh an mhír seo siar go dtí an chéad chruinniú eile toisc nach raibh E. Ní Neachtain i láthair.

13. Iarratais mhaoinithe

Pléadh an t-iarratas ar mhaoiniú ón Áisaonad agus ghlac an Bord d'aon ghuth leis an mholadh €80,000 a chur ar fáil le cinntiú go mbeidh Banda 1 ar fáil do na bunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge an bhliain seo chugainn. Ghlac an Bord d'aon ghuth leis an mholadh €6,000 a chur ar fáil d'athchló sraith 5 leabhar freisin.

14. An Clár Riosca

Cuireadh in iúl go raibh roinnt rudaí dearga ar an chlár riosca maidir leis an Príomhfheidhmeannach ag éirí as, Bord nua á cheapadh srl. Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh deis ann anois dul i gcionn ar an struchtúr inmheánach agus go raibh sé i gceist aige cruinniú a lorg ina leith ag an leibhéal is airde.

15. Aon Ghnó Eile

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl go raibh cuireadh faighte aici freastal ar chruinniú de chuid an Chomhchoiste Oireachtais ar 23 Samhain maidir le teagasc na Gaeilge.

Meabhraíodh go mbeadh an chéad chruinniú Boird eile ar siúl in Óstán an Connemara Coast, Gaillimh, ar an 7ú Nollaig. Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an Bhord agus le foireann COGG as bheith i láthair ag an chruinniú inniu.

Síniú: _____ Dáta: 7 Nollaig 2021

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach

AN CHOMHAIRLE UM OIDEACHAS GAELTACHTA & GAELSCOLAÍOCHTA

Cruinniú Boird

Dé Máirt 7 Nollaig 2021

2:00in. ar Zoom

I láthair bhí: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Bláthnaid Ní Ghréacháin, Cathnia Ó Muircheartaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Deirbhile Nic Craith, Edel Ní Chorráin, Pádraig Mac Grianna agus Peadar Ó Muirí.

Ag freastal: Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Aisling Nic Craith (Ardoifigeach Feidhmiúcháin & Rúnaí an Bhoird) agus Steph Uí Choinne (Oifigeach Feidhmiúcháin).

Leithscéal: Elaine Ní Neachtain, Liam Ó Diomsaigh, Lorraine Finn agus Séamus Ó Fearraigh.

1. Fáiltiú

Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh gach duine chuig an chruinniú ar Zoom.

2. Coimhlint leasa

Níor fhógair aon duine aon choimhlint leasa maidir le clár an chruinnithe.

3. Cur i láthair ar thorthaí an féinmheasúnaithe le hÉamonn Ó Dónaill

Iarradh ar an fheidhmeannas an cruinniú a fhágáil don mhír seo. Tháinig É. Ó Dónaill i láthair an chruinnithe agus rinne sé cur i láthair ar thorthaí an dá cheistneora a bhí le comhlánú ag na comhaltaí. Iarradh ar an Chathaoirleach an cruinniú a fhágáil nuair a bhí an ceistneoir a bhain le measúnú ar an Chathaoirleach á phlé. Gabhadh buíochas le É. Ó Dónaill as an chur i láthair agus d'fhág sé an cruinniú. D'fhill an Cathaoirleach agus an feidhmeannas ag an phointe seo.

Mhínigh an Cathaoirleach go raibh leibhéal sástachta an-ard ag na comhaltaí ó na ceistneoirí agus nach raibh aon rud ag eascairt astu a mbeadh impleachtaí acu don fheidhmeannas. Cuireadh in iúl go raibh feabhas a d'fhéadfaí a dhéanamh i dtaca leis an chód iompair agus gurbh fhiú an cód iompair a chur ar chlár an chruinnithe Boird uair nó dhó sa bhliain.

4. Miontuairiscí an 9ú Samhain 2021

Ghlac an Bord le miontuairiscí an 9ú Samhain 2021 (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag C. Ó Muircheartaigh) agus thug an Cathaoirleach cead a shíniú leictreonach a chur orthu.

5. Ag eascairt as na miontuairiscí

Ní raibh aon ní ag éirí as na miontuairiscí.

6. Uasdátú ón Phríomhfheidhmeannach

Chuir an Príomhfheidhmeannach in iúl gur seoladh Mol Mata ach nár tharla an seoladh a bhí beartaithe don 23 Samhain i mBaile Átha Luain. Míníodh gur cuireadh scéala amach chuig na bunscoileanna ina leith agus gur tharla na ceardlanna. Tuairiscíodh go raibh an obair ar an tairseach ag leanúint ar aghaidh agus go raibh beagnach 1,000 acmhainn curtha suas anois. Tuairiscíodh gur tharla an cruinniú leis an Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus gur labhair P. Ó Beaglaoich, ar son COGG, faoi na leasuithe ar an tSraith Shinsearach.

Míníodh go raibh Padlet na Nollag eisithe chuig gach bunscoil sa tír agus go raibh Eipic! na Samhna ar fáil anois. Cuireadh in iúl go raibh comhaontuithe á ndréachtú do na téascleabhair nua a dhéanfar in 2022 don Ghrafaic, Stair, agus don Spáinnis. Cuireadh in iúl go raibh roinnt teideal nua ar fáil a maoiníodh ag COGG; Buachaill an Ghúna le Futa Fata, Dialann Dlúthchara le Futa Fata, agus Orla Uan ar an bhFarraige le hOidhreacht Chorca Dhuibhne. Tuairiscíodh go raibh taighde Fhoras na Gaeilge ag dul ar aghaidh maidir le húsáid áiseanna iar-bhunscoile agus go raibh cóip de gach téascleabhar iar-bhunscoile a eisíodh ag COGG le cur ar fáil don taighde sin.

Maidir leis an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta, tuariscíodh go raibh an Roinn Oideachais agus an tAonad um Oideachas Gaeltachta ag forbairt próisis aitheantais agus go bpléifí na moltaí sin ag cruinniú den Choiste Comhairleach ar an 14ú Nollaig. Tuairiscíodh go raibh plé ar siúl leis an Roinn le go bhfaigheadh Micheál S. Mac Donnacha bliain eile ag obair le COGG. Rineadh tagairt don áis don luathlitearthacht agus míníodh go raibh Gabrielle Nig Uidhir le hoiliúint a chur ar thriúir oiliúnóirí le go mbeidh siad in ann oiliúint a chur ar mhúinteoirí maidir le conas an áis a úsáid.

7. Tuairisc an Chathaoirligh

Chuir an Cathaoirleach in iúl go raibh sé ag plé leis an Roinn i dtaca le post an Phríomhfheidhmeannaigh agus an leabhrán eolais agus chuir sé in iúl go raibh an post fógartha ar shuíomh na Roinne agus ar shuíomh PAS anois. Míníodh go mbeadh an post fógartha ar Tuairisc.ie agus ar Peig.ie inniu.

Rinneadh tagairt don Chomhchoiste um Oideachas, Breisoideachas agus Ardoideachas, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht agus thréaslaigh an Cathaoirleach le P. Ó Beaglaoich as an chur i láthair a rinne sé.

Chuir sé in iúl go raibh dáta le socrú don chruinniú rialachais leis an Roinn agus go raibh cruinniú le socrú maidir le struchtúr na heagraíochta freisin.

8. Tuairisc Airgeadais agus Buiséad

Chuir A. Nic Craith an tuairisc airgeadais i láthair an chruinnithe agus tuairiscíodh go raibh 72% den bhuiséad caite agus go raibh 40% de bhuiséad an Pholasaí don Oideachas Gaeltachta caite. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le A. Nic Craith as an tuairisc airgeadais a ullmhú.

9. Toradh an léirithe spéise don Iniúchóir Seachtrach

Cuireadh in iúl gur fógraíodh an léiriú spéise don Iniúchóir Seachtrach ar Tuairisc.ie agus gur cuireadh ríomhphost chuig roinnt comhlachtaí cuntasaíochta agus Fiontar ina leith. Míníodh nach bhfuarthas ach léiriú spéise amháin ó Sheán Ó Súilleabháin agus a Chuid, atá ag feidhmiú mar Iniúchóir Seachtrach faoi láthair. Míníodh gur chuir sé meastachán ar fáil agus go raibh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca sásta leis. Ghlac an Bord leis an mholadh Seán Ó Súilleabháin agus a Chuid a cheapadh mar Iniúchóir Seachtrach ar feadh tréimhse trí bliana eile (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag E. Ní Chorráin).

10. Polasaithe le faomhadh

Pléadh an polasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach. Míníodh gur méadaíodh an méid caiteachais gur gá don Chathaoirleach deimhniú a dhéanamh air ar chárta an Phríomhfheidhmeananigh ó os cionn €500 go dtí os cionn €1,000. Ghlac an Bord leis an pholasaí maidir le cárta creidmheasa corparáideach (molta ag D. Ó hAiniféin agus cuidithe ag D. Nic Craith). Pléadh an cleachtas maidir le soláthar agus míníodh go raibh píosa breise curtha leis maidir le tairseach €25,000 nó níos mó. Ghlac an Bord leis an chleachtas maidir le soláthar (molta ag B. Ní Ghréacháin agus cuidithe ag P. Mac Grianna). Pléadh an córas inmheánach maidir le smachtú airgeadais agus míníodh gur cuireadh píosa breise leis le léiriú go n-údaraíonn an Príomhfheidhmeannach an réiteach bainc. Ghlac an Bord leis an chóras inmheánach um smachtú airgeadais (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin). Pléadh an nós imeachta maidir le scor boird agus cuireadh píosa breise leis maidir le ceapacháin agus maidir leis an seisiún imeachta. Ghlac an Bord leis an nós imeachta maidir le scor boird (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag B. Ní Ghréacháin). Gabhadh buíochas le A. Nic Craith as na polasaithe a ullmhú.

11. Plean Oibre 2022

Míníodh gur scaipeadh Plean Oibre 2022 ar an Bhord le déanaí. Ghlac an Bord le Plean Oibre 2022 (molta ag C. Ó Muircheartaigh agus cuidithe ag P. Ó Muirí).

12. Iarratais mhaoinithe

Pléadh an t-iarratas maidir le digitiú agus físeán ar na dlúthdhioscaí Rabhlaí Rabhlaí a bheadh in oiriúint don chlár bán idirghníomhach sa rang. Mhínigh an Príomhfheidhmeannach go raibh ceist aici nach mbeadh ceadúnas i gceist agus go mbeadh sé sin mar choinníoll leis an tairiscint mhaoinithe. Ghlac an Bord leis an mholadh €23,500 a cheadú don tionscadal agus an coinníoll sin leis (molta ag E. Ní Chorráin agus cuidithe ag D. Nic Con Iomaire).

13. Tuairisc ón Choiste Iniúchóireachta agus Riosca

Thug D. Nic Craith tuairisc ar an chruinniú a bhí ag an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 24ú Samhain. Míníodh gur thug DHKN tuairisc ag an chruinniú maidir le rialú inmheánach. Mhol siad clár conarthaí a chur le chéile, mhol siad go ndéanfaí uasdátú rialta ar an phlean straitéiseach, mhol siad

an chreatlach foirne agus an obair atá le déanamh maidir le rialachas. Ghabh an Cathaoirleach buíochas le D. Nic Craith as an tuairisc.

14. An Clár Riosca

Cuireadh in iúl nach raibh aon uasdátú déanta ar an chlár riosca.

15. Dáta cruinnithe go deireadh Feabhra 2022

Aontaíodh ar na dátaí cruinnithe seo a leanas go deireadh Feabhra 2022:

- Dé Máirt 18 Eanáir ar 2.00i.n.
- Déardaoin 17 Feabhra ar 11.00r.n.

16. Aon Ghnó Eile

Ardaíodh ceist faoi scéim a bheith ann maidir le scoláireachtaí Gaeltachta do dhaltaí ó Ghaelcholáistí ar mhaithe le saibhriú teanga agus aontaíodh go bpléifí an cheist ag an chéad chruinniú eile.

Ardaíodh ceist faoi údarú íocaíochtaí ar an chóras baincéireachta ar líne agus chuir an Chathaoirleach in iúl go mbeadh sé féin sásta iad a údarú agus go bpléifí an cheist ag an chéad chruinniú eile. Moladh go bhfanfadh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca i bhfeidhm go dtí go gceaptar Boird nua agus Coiste nua.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach duine as freastal ar an chruinniú inniu. Ghabh sé buíochas le foireann COGG as a ndúthracht ar fad le linn na bliana agus ghuigh sé beannachtaí na Nollag ar gach duine.

Síniú: _____ Dáta: 18 Eanáir 2022

Dónal Ó hAiniféin, Cathaoirleach